

Comharchumann Chléire Teoranta
Oileán Chléire, An Sciobairín, Contae Chorcaí

Guthán: 028 39119
Ríomhphost: cteochleire@gmail.com

Bainisteoir Comharchumann Forbartha

Tá post mar Bhainisteoir Comharchumann Forbartha á thairiscint ag Comharchumann Chléire Teoranta.

Is post buan ar conradh atá á thairiscint. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm plean oibre bliantúil a aontaítear idir Comharchumann Chléire Teoranta agus Údarás na Gaeltachta mar aon le bainistiú ar ghnó laethúil an Chomharchumainn agus obair forbartha pobail. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Chléire Teoranta, ar Oileán Chléire.

Duine cumasach a bhfuil taithí oibre agus cáilíochtaí acu i réimse oibre na forbartha pobail nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse forbartha pobail nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí deonacha agus struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal forbartha agus trádála.
- Scileanna maithe cumarsáide, éisteachta, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Scileanna abhcóideachta agus gréasánaíochta.
- Taithí i mbainistiú agus neartú foirne.
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.
- Eolas agus taithí ar chórais bhogearraí ar nós Word agus Excel.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifig ag Ionad Fiontair Chléire, Baile Iarthach Thuaidh, Cléire P81DX54.

Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail mar aon le coinníollacha oibre maithe ag gabháil leis an bpost chomh maith le scéim pinsin.

Seoltar litir iarratais mar aon le Curriculum Vitae (post cláraithe mollta), chuig:

Earcú CCTEO, Comharchumann Chléire Teoranta, Trá Chiaráin, Oileán Chléire, An Sciobairín, Contae Chorcaí - roimh 16.00 ar an 17/02/2023

